SD6729/ Eureka 2.22 irish 12/4/06 3:12 pm Page 1

Irish Independent
eureka
Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)
Imleabhar 2, Eagrán 22
27ú Aibreán 2006
Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Cuairt ar an Zú

Táimidne sa Zú. Cá bhfuil tusa?

San eagrán seo d'Eureka, beimid ag féachaint ar zúnna agus ar ainmhithe a bhíonn iontu. Baineann a lán daoine an-taitneamh as cuairt a thabhairt ar zú; ceapann daoine eile go bhfuil zúnna cruálach (cruel) agus go ndéanann siad dochar (harm) d'ainmhithe. Tar éis duit léamh faoi zúnna san eagrán seo agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh, cuir ceist ort féin – an maith an rud é go bhfuil zúnna againn?

Cad a dhéanann Zú?
Osclaíodh an chéad Zú san Eoraip san Ostair (Austria) sa bhliain 1765. Osclaíodh an Zú i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1830. Ag an am sin, osclaíodh zúnna chun ainmhithe éagsúla (agus iad faoi ghlas i gcásanna beaga) a thaispeáint do dhaoine mar shiamsa (entertainment). De ghnáth, ní bhíodh daoine ag taisteal thar lear mórán ag an am sin agus go hiondúil, ní fheicfeadh siad aon ainmhí seachas na cinn ina dtír féin.

Tá dearcadh (viewpoint) an-difriúil ag zúnna na laethanta seo. Ceann de na cúraimí (responsibilities) is tábhachtaí in obair zú faoi láthair is ea **caomhnú** (conservation). Is ar dhaoine atá an locht gur scriosadh **gnáthóga** (an áit ina mbíonn ainmhithe ina gcónaí / habitats) ainmhithe áirithe. Ghearr daoine síos coillte agus ghlan siad talamh féaraigh (grasslands) chun spás a dhéanamh d'fheirmeacha agus do chathracha. Mar sin, bíonn deacrachtaí ag ainmhithe ar nós pandaí, tíogar agus srónbheannach (rhinoceros) teacht ar a ngnáthóga. Ní bhíonn mórán seans ag ainmhí maireachtáil (survive) gan a chuid bia, uisce ná dídine (shelter). Truaillíonn (pollute) daoine an domhan freisin. Scriosann an truailliú sin gnáthóga agus cuireann sé ainmhithe **i mbaol** (endanger).

Ach cabhraíonn daoine le hainmhithe freisin! Tógann siad zúnna a thugann aire d'ainmhithe atá i mbaol agus stopann siad iad ar dhul in éag (die out). Le cabhair na zúnna, bíonn ál (young / ainmhithe óga) ag ainmhithe neamhchoitianta (rare) agus is féidir iad seo a chur ar ais i ngnáthóga sábháilte san fhásach (in the wild).

Osclaíodh Páirc Fhiadhúlra Fota i gContae Chorcaí sa bhliain 1983 agus díríonn (concentrate) siad ar chláir phorúcháin (breeding programmes) do speicis (species) atá i mbaol. Tá 90 sórt ainmhí ina gcónaí sa pháirc. Tá saoirse ghluaiseachta (freedom to roam) ag formhór na n-ainmhithe anseo. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár pórúcháin síota (cheetah) a bhí ag Fota. Tá eolas breise le fáil ag www.fotawildlife.ie

Bíonn cúram ar zúnna maidir le daoine a chur ar an eolas (educate) freisin. Bíonn fógra eolais faoi gach ainmhí le feiceáil taobh amuigh dá áit chónaithe. Is féidir féachaint ar an ainmhí agus léamh faoi ag an am céanna. Tá ionad oideachais do pháistí ag Zú Bhaile Átha Cliath – tuilleadh eolais le fáil ag www.dublinzoo.ie

Fíricí Fónta



- I rith Éirí Amach na Cásca 1916, bhí sé deacair dul in aice le Páirc an Fhionnuisce, ina bhfuil Zú Bhaile Átha Cliath. Ní raibh dóthain feola ag lucht an Zú do na leoin agus do na tíogair agus fuair cuid de na hainmhithe bás.
- Ní bheireann ach dhá mhamach (mammals) uibheacha – sin iad an platapas agus an t-eicidneach (spiny anteater). Cé go mbeireann siad uibheacha, is mamaigh iad mar beathaíonn siad an t-ál (young) le bainne.
- Níl dódó le feiceáil i zú ar bith. Bhíodh na héin mhóra seo ina gcónaí ar oileán Mhuirís (Mauritius). Ní raibh siad in ann eitilt. Mharaigh mairnéalaigh a lán de na héin seo agus ní raibh ceann amháin fágtha faoin mbliain 1700. Mar sin deirimid go bhfuil siad imithe in éag (extinct).
- Tá starrfhiacla (tusks) eilifinte déanta as eabhar (ivory). Úsáidimid eabhar le haghaidh méarchláir phianó agus le haghaidh seodra. Maraíodh na mílte eilifint Afraiceach chun a starrfhiacla a fháil. Tá rialtais éagsúla ag obair go dian chun an nós seo a stopadh.
- Ceapann eolaithe go bhfuil níos mó ná $^{3}/_{4}$de fhiadhúlra an domhain le fáil sna foraoisí báistí ar fud na cruinne. Níl eolas againn ach ar líon (quantity) beag díobh!

Ar mhaith leat bheith i do choimeádaí ainmhithe?

An maith leat bheith ag plé le hainmhithe? Ar mhaith leat cabhrú le hainmhithe atá i mbaol? B'fhéidir gur mhaith leat bheith i do choimeádaí ainmhithe mar sin - ach ná déan dearmad go mbíonn obair an-dian i gceist freisin! An gcuirfeadh an droch-bholadh agus an salachar ar fad isteach ort? Bíonn na coimeádaithe ainmhithe freagrach as aire mhaith a thabhairt do na hainmhithe. Bíonn orthu a n-áit chónaithe a choinneáil glan agus bia ceart agus uisce a thabhairt dóibh. Scríobhann siad nótaí ar shláinte, bia agus iompar (behaviour) gach ainmhí i ndialann an ainmhí. Bíonn ar choimeádaithe ainmhithe cúrsaí oiliúna (training) agus scrúduithe speisialta a dhéanamh don phost.

Freagraí ar an gcrosfhocal Eureka 2.21:
Trasna: 4 SLEAMHAIN 5 LEACHT 6 CRUINN 7 DATHANNA 9 OIDEAS
Síos: 1 MAOL 2 GUMA 3 GIOSTA 4 SEILE CUAICHE 8 GCLOG

Freagraí ar 'Féach ar Fiacla'
A = caora
B = mac tíre

Freagraí ar Rangú Ainmhithe
A = Amfaibiach B = Reiptil C = Éan
D = Mamach E = Iasc

Tráth na gCeist

An bhfuil freagraí na gceisteanna seo ar eolas agat cheana féin? Déan taighde agus faigh na freagraí ar www.dublinzoo.ie/didyouknow

1. Cé mhéad fiacail a bhíonn ag eilifint?
2. Cé chomh hard agus a bhíonn sioráf nua-bheirthe?
3. Níl ach mamach amháin ann nach féidir leis léim – cén mamach é?
4. Ainmnigh an mamach is lú ar féidir leis eitilt.
5. Ní féidir le crogall cuid amháin dá chorp a bhogadh – cén chuid í sin?
6. Cén aois a bhíonn ag eilifint sular féidir leis a thrunc a úsáid?

Anois cum ceisteanna tú féin le cur ar do chairde

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

TAIGHDE & TÉACS:
Helena Jeffrey, Paula Kilfeather, Cliona Murphy & Janet Varley.

AISTRIÚCHÁN: Bairbre Ní Ógáin
EAGARTHÓIR: John Walshe
DEARADH: Smart Design

SCRÍOBH CHUIG:
Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sraid Thalbóid, BÁC 1.
LÍNE DO CHUSTAIMÉIRÍ:
Fón: 023 32879
CUIR RÍOMHPHOST CHUIG:
eureka@unison.independent.ie

Centre for Science Education

SD6729/ Eureka 2.22 irish 12/4/06 3:12 pm Page 2

Gníomhaíocht

Déan seilide-lann

An mbeadh suim agat bheith i bhfeighil ar ainmhithe i zú?
Breathnaigh ar ghnáthóg atá gar duit go dtí go bhfeiceann tú cúpla seilide. Déan staidéar ar conas a mhaireann siad agus ansin déan iarracht aire a thabhairt dóibh ar feadh cúpla lá.

SMAOINIGH AR NA CEISTEANNA SEO:

- Conas a dhéanfaidh tú gnáthóg dóibh ina mbeidh siad sláintiúil?
- Cé acu is fearr le seilidí, dar leat – áit fhliuch nó áit thirim?
- Cén sórt bia a itheann siad?
- Cá bhfios duit go n-itheann siad an bia seo?
- Cé mhéad spás maireachtála a theastóidh ó na seilidí?

BUNÁBHAIR:

- Cúpla seilide ón ngairdín
- Uisceadán (aquarium) nó coimeádán mór **trédhearcach** (transparent)
- Clúdach ina bhfuil poill bheaga m.sh. píosa cairtchláir
- Cré (soil)
- Clocha
- Craobhóga (twigs)
- Plandaí ón áit ina raibh na seilidí

Aire: Bí cinnte go níonn tú do lámha tar éis cré, plandaí nó seilidí a láimhseáil.

TREORACHA:

1. Cuir an chré, na craobhóga, na duilleoga agus na clocha sa choimeádán.
2. Cuir na seilidí isteach sa choimeádán go cúramach. Cuir beagáinín uisce sa 'seilide-lann' chun í a choimeád tais (damp). Cuir an clúdach ar an gcoimeádán.
3. Coinnigh an ghnáthóg tais. Ná cuir í go díreach faoi sholas na gréine.
4. Breathnaigh ar ghníomhaíochtaí na seilidí ar feadh cúpla lá.
5. Ná déan dearmad na seilidí a chur ar ais san áit ina bhfuair tú iad nuair a bheidh tú críochnaithe leo.

PLÉIGH É SEO LE DO MHÚINTEOIR AGUS LE DO CHAIRDE:

Ar bhain tú taitneamh as bheith i bhfeighil ar ainmhithe?
Ar thaitin an fhreagracht (responsibility) leat?
Ar fhoghlaim tú aon rud faoi sheilidí?
Déan liosta de na rudaí a thug tú faoi deara.

Gníomhaíocht

Déan Biashlabhra Zú

Féach ar an bpictiúr. Cad atá á ithe ag an leon?
Cén bia a d'ith an t-ainmhí atá marbh anois, dar leat?
An gceapann tú go n-itheann aon rud eile an leon?
Cuir na hainmhithe in ord de réir na rudaí a itheann siad. Tugaimid **biashlabhra** air seo. Bheadh biashlabhra an leoin cosúil leis seo:

Anois, déan iarracht biashlabhraí zú a dhéanamh tú féin.

Féach ar Fhiacla



Mothaigh (feel) an taobh istigh de do bhéal le do theanga. Tugaimid **clárfhiacla** (incisors) ar na fiacla atá chun tosaigh i do bhéal. Úsáidimid iad chun greim a bhaint (bite) as bia. Bog do theanga thart go taobh do bhéil agus tiocfaidh tú ar fhiacail atá biorach (pointed) agus géar. **Géarán** (canine) is ainm don fhiacail seo. Tá ceithre cinn díobh seo agat agus stróiceann siad agus roiseann (rip) siad bia. Tugaimid cúlfhiacla (molars) ar na fiacla ar chúl do bhéil – meileann (grind) siad bia.

Teastaíonn fiacla a mheileann bia ó **luibhiteoirí** (herbivores) - ainmhithe a itheann plandaí. Ní bhíonn gá acu le géaráin. Teastaíonn géaráin a roiseann bia ó fheoiliteoirí (carnivores) - ainmhithe a itheann feoil.

Is le mac tíre blaosc .....
Is le caora blaosc .....

Tá na freagraí ar leathanach 4.

Rangú Ainmhithe

Tá os cionn 2 mhilliún sórt beatha (living thing/life) ar an domhan. Cuireann eolaithe iad i ngrúpaí má tá siad cosúil le chéile nó difriúil óna chéile ar bhealaí áirithe. Tugaimid rangú (classification) air seo. Cabhraíonn an **rangú** linn nuair a bhímid ag déanamh staidéir ar rudaí atá beo. Cabhraíonn sé linn gan iad a mheascadh suas. Is féidir formhór na n-ainmhithe móra (nach inveirteabraigh iad) a chur i gceann amháin de chúig ghrúpa dhifriúla. Seo liosta de na grúpaí:

1. Iasc 2. Amfaibiach 3. Reiptíl 4. Éan 5. Mamach

CEIST AGAM ORT:

Féach ar phictiúir na n-ainmhithe seo. Cén grúpa ina gcuirfeá iad? Tá na freagraí ar leathanach 4.

Gníomhaíocht

Taighde

Roghnaigh ainmhí zú a bhfuil suim agat ann. B'fhéidir gur ainmhí é a chonaic tú nuair a thug tú cuairt ar an zú, nó b'fhéidir go bhfaca tú é ar chlár teilifíse. Déan comhad fíricí (fact file) faoin ainmhí seo a bheadh oiriúnach do pháiste i rang a dó nó i rang a trí. Ba cheart go mbeadh an t-eolas agus na pictiúir a theastaíonn uait le fáil i leabharlann na scoile agus sa leabharlann áitiúil nó ar an idirlíon. Tarraing agus dathaigh do chuid pictiúr féin, más féidir leat.
Sula dtosaíonn tú, leag amach plean don chomhad fíricí. Seo cúpla leid duit.

- Cén fáth ar roghnaigh tú an t-ainmhí seo?
- Cá gcónaíonn an t-ainmhí seo san fhásach (in the wild)?
- Déan cur síos ar an ainmhí.
- Déan cur síos ar an ngnáthóg.
- Faigh amach an bhfuil an t-ainmhí seo i mbaol.

Gníomhaíocht

Dear agus déan ainmhí zú

Tosach **Cúl**



Dear agus déan ainmhí a bhogann. B'fhéidir go ndearfá eilifint agus a thrunc ag luascadh. Nó crogall (crocodile) le gialla móra alpacha (snapping). Is féidir iad seo a dhéanamh le **luamhán** (lever).

BUNÁBHAIR ÚSÁIDEACHA:

- Ábhair ar nós boscaí le cruthanna agus tomhaiseanna éagsúla, píobáin chairtchláir, coimeádáin phlaisteacha, cairt, páipéar, boscaí uibhe, éadach, olann
- Fáiscíní páipéir • Glantóirí píopa • Péint nó marcóirí
- Gliú PVA • Stáplóir • Siosúr • Seilitéip

TREORACHA:

1. Bíodh pictiúr maith cruinn agat den ainmhí a roghnaigh tú.
2. Socraigh cé acu bunábhar a bheadh úsáideach, dar leat.
3. Tarraing plean den ainmhí. Déan liosta de na bunábhair a theastóidh uait.
4. Déan an t-ainmhí. Conas a cheanglóidh tú na codanna (parts) éagsúla le chéile sa chaoi go mbeidh an tsamhail láidir? Má úsáideann tú coimeádáin phlaisteacha agus téip ghléineach (shiny), beidh sé níos éasca iad a phéinteáil má mheascann tú beagáinín gliú PVA isteach sa phéint.
5. Taispeánann an pictiúr bealach amháin duit inar féidir leat gialla alpacha a dhéanamh. Oibríonn sé ar an mbealach céanna leis an nathair nimhe a léim aníos as an bhféar san eagrán 'Ceiliúradh!'.
6. Ar deireadh, féach ar an tsamhail chríochnaithe. An bhfuil sí cosúil leis an bplean a tharraing tú? An bhfuil tú sásta léi? An athrófá aon rud dá mbeifeá á déanamh arís?